# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

## Achoimre don Duine Óg

Is plean nua é **Saolta Níos Gile Amach Anseo** ina leagtar amach an dóigh a dtacóidh an obair óige leis na páistí agus na daoine óga idir 4 agus 25 bliana d'aois ar fud Thuaisceart Éireann. Is é an aidhm atá leis an phlean seo ná a chinntiú go bhfuil an deis ag achan pháiste agus ag achan duine óg fáil a bheith aige ina phobal féin ar na seirbhísí óige a chomhlíonann na riachtanais s'aige.

Cruthaíodh an plean seo i gcomhar le daoine óga agus léirítear ann na rudaí is tábhachtaí daofa féin — leithéidí an mhuintearais, na sábháilteachta, deiseanna, daoine fásta iontaofa, an chairdis, na tacaíochta, agus líne tharrthála nuair a bheadh sin de dhíth orthu – agus chomh maith leis sin, cuideoidh an plean leis na daoine óga a bheith níos rannpháirtí ar scoil.

### Seo na rudaí a dhéanfar ar do shonsa, mar dhuine óg, fríd an bheartas seo:

### ✓ 1. Beidh na seirbhísí ionchuimsitheach, ar chaighdeán ard, agus beidh tionchar ag do bharúil féin orthu

Beidh an obair óige go fóill ina cineál oideachais neamhfhoirmiúil, rud a chiallaíonn nach bhfuil sí cosúil leis an scoil – thig leat páirt a ghlacadh sna seirbhísí óige nuair is mian leat féin. Is é rud atá i gceist léi ná a bheith ag an fhoghlaim fríd eispéiris, caidreamh, clubanna óige, tionscadail, agus an spraoi.

Caithfidh na seirbhisí óige:

- ☑ a bheith deartha i gcomhar le daoine óga, agus ní go díreach ar a son
- ☑ a bheith ionchuimsitheach agus fáilteach, agus caithfidh siad cearta an pháiste a chur chun cinn, go háirithe daofa siúd a bhfuil constaicí rompu (constaicí, leithéidí na bochtaineachta, scoiteacht na tuaithe, riachtanas oideachais speisialta, agus an mhíchumais), agus daofa siúd atá leochaileach, nó a bhfuil an baol níos mó ann daofa nach nglacfar san áireamh iad.
- ☑ a bheith ceangailte le curaclam na scoile le tacú leat leis an fhoghlaim ar scoil.
- ☑ a bheith ar fáil daofa siúd atá idir 4 agus 25 bliana d'aois, agus tacaíocht ar leith ann duitse bunaithe ar a bhfuil de dhíth ort:

- 4–8: seirbhísí óige uilíocha a chothaíonn an teacht aniar agus an fhoghlaim ionat i rith do shaoil.
- 9–13: seirbhísí ina nglactar san áireamh an turas oideachais agus an teacht in inmhe mar dhéagóir.
- 14–18: seirbhísí ina nglactar san áireamh do thuras fríd an oideachas, na rudaí atá de dhíth ort le post a fháil, agus an saol mar dhuine fásta.
- 19–25: obair óige ina ndéantar idirghabhálacha saincheaptha le cuidiú leis an ghabháil i ngleic leis na géar-riachtanais.

Beidh na seirbhísí ar fáil go háitiúil agus beidh teacht furasta orthu, rud a chuideoidh le fáil réitithe leis na constaicí sin a chuireann bac ort na seirbhísí a fháil.

## ✓ 2. Déanfar an obair óige a dhearadh thart ar na nithe a bhfuil de dhíth ort

Caithfidh na seirbhísí óige a bheith bunaithe ar a bhfuil de dhíth ar na daoine óga, agus a bheith bunaithe ar an taighde a léiríonn na rudaí atá éifeachtach agus a bheith bunaithe ar thosaíochtaí oideachais. Tá orainn éisteacht leat agus tá orainn a bheith foscailte agus trédhearcach fán dóigh a ndéantar na cinntí, agus an difear a dhéanann an obair óige do na paistí agus do na daoine óga a thaispeáint don tsaol mhór.

## ✓ 3. Tabharfar tacaíocht níos fearr do na hoibrithe íoctha agus do na hoibrithe deonacha san earnáil óige

Lena chinntiú go bhfaighidh tú na seirbhísí óige agus an tacaíocht is ceart agus is cóir duit a fháil, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu ag obair leat.

Leis sin a dhéanamh, beidh sé tábhachtach go dtabharfar tacaíocht maidir le:

- ✅ cúrsaí earcaíochta
- ✅ an oiliúint
- ✅ cúrsaí cumhdaigh
- ✅ an cheannaireacht
- ✅ luach na n-oibrithe deonacha a aithint

## ✓ 4. Bainfear úsáid níos éifeachtaí as na cistí airgid agus as na foirgnimh le tacú leis na daoine óga

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

Tá brú airgeadais ar achan seirbhís phoiblí, ach is é an sprioc an t-airgead a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí le aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shainaitheanta san obair óige, agus deiseanna cistiúcháin nua ar fud na gcomhpháirtithe rialtais agus pobail a lorg.

Beidh cur chuige níos follasaí ann fosta maidir le saoráidí don obair óige — agus iad seo a leanas mar aidhm leis:

- ✅ spásanna ar chaighdeán níos fearr
- ✅ tuilleadh saoráidí comhroinnte, ionas gur féidir an soláthar a chur ar fáil go háitiúil

## ✔ 5. Róil shoiléire don Roinn, don Údarás Oideachais (ÚO), agus don obair óige san earnáil pobail agus dheonach

Sa bheartas, tá sé soiléir cad é a dhéanann gach dream go díreach:

- ✅ Is í an Roinn a leag an beartas seo amach, agus déanfaidh sise monatóireacht ar an dul chun cinn.

- ✅ Is é an tÚdarás Oideachais a chuirfeas an beartas i bhfeidhm – déanfaidh sé an phleanáil agus tacóidh sé agus daingneoidh sé na seirbhísí i gcomhar leis na pobail áitiúla le cuidiú leo na seirbhísí óige sin a chur ar fáil is atá de dhíth le tacú leis na páistí agus na daoine óga.

- ✅ Rachaidh soláthraithe pobail agus deonacha i gcomhpháirtíocht leis an ÚO le seirbhísí óige a chur ar fáil sna pobail áitiúla nuair is féidir sin, agus tógfar air sin le himeacht ama agus de réir a chéile leis an tsoláthar a chur ar fail i níos mó pobail áitiúla.

## ✔ 6. Comhpháirtíochtaí níos láidre ionas go mbeidh an tacaíocht comhtháite

Leis an bheartas seo, spreagtar comhpháirtíochtaí níos dlúithe leis na torthaí a fheabhsú, ina measc sin, comhpháirtíochtaí le:

- ✅ daoine óga
- ✅ scoileanna
- ✅ comhairlí áitiúla
- ✅ SPTÉ
- ✅ gníomhaireachtaí eile
- ✅ grúpaí pobail
- ✅ an rialtas (m.sh. an Roinn Sláinte)

## An dóigh a dtéann seo i bhfeidhm ortsa

Is é an toradh a bheas ar chur i bhfeidhm rathúil an bheartais seo, ná beidh páistí agus daoine óga ar fud Thuaisceart Éireann in ann a bheith ag súil leis na nithe seo a leanas:

- ✅ seirbhísí óige a bheas seasmhach leanúnach
- ✅ spásanna a bheas fáilteach, sábháilte, agus ionchuimsitheach
- ✅ seirbhísí a thacóidh leis na riachtanais s'agat; a chuirfeas ar do chumas páirt a ghlacadh iontu; agus a rachas in oiriúint do na riachtanais s'agat de réir má athraíonn siad
- ✅ tacaíocht fá choinne na folláine (ina measc sin, an fholláine mhothúchánach), agus tacaíocht do na daoine óga atá leochaileach nó atá níos mó baoil ann i dtaca leo nach gcuirfear san áireamh iad
- ✅ tacaíocht le scileanna a fhorbairt a chuideoidh leat ar scoil agus sa tsaol
- ✅ níos mó ionchuir a bheith agat i ndearadh na hoibre óige
- ✅ rochtain ar na seirbhísí óige — beag beann ar an áit ina gcónaíonn tú ná ar do chúlra
- ✅ oibrithe óige dea-oilte a bhfuil tacaíocht mhaith ann daofa
- ✅ seirbhísí óige atá cothrom, trédhearcach, agus bunaithe ar fhíor-fhianaise

# INTREOIR:

## Tábhacht an bheartais seo sa lá atá inniu ann

Tá an obair óige ríthábhachtach ó thaobh an oideachais i dTuaisceart Éireann de. Is cleachtas neamhfhoirmiúil oideachais í atá bunaithe ar chearta agus a thacaíonn le forbairt phearsanta, shóisialta agus oideachasúil an duine óig. Tá an obair óige bunaithe ar rannpháirt dheonach an pháiste agus an duine óig, agus feidhmníonn sí fríd chur chuige atá dírithe ar an duine. Tá na Caighdeáin Ghairme Náisiúnta mar bhonn is mar thaca faoi chleachtas na hoibre óige, agus bíonn sí, mar an obair óige, ag brath ar líonra d'oibrithe deonacha oilte (thart ar 94%) mar aon leis an fhoireann cháilithe féin. Bíonn an obair óige ag freastal ar na riachtanais mheasúnaithe atá ag páistí agus ag daoine óga agus cuireann sí ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin – ina measc sin, na dúshláin a thagann ó na brúnna a bhaineann leis an tsláinte agus leis an fholláine mhothúchánach, go dtí na dúshláin a bhaineann leis na díobhálacha digiteacha, an bhochtaineacht, agus an scoiteacht. Tá an obair óige níos tábhachtaí ná ariamh.

Sa bheartas seo, leagtar síos treo úrnua do na seirbhísí óige reachtúla ar son páistí agus daoine óga idir 4 agus 25 bliana d'aois. Cuireann seo leis an bheartas roimhe seo, *Priorities for Youth (2013)*, agus tá sé bunaithe go díreach ar ar inis na daoine óga dúinn fá na rudaí is tábhachtaí daofa: an tsábháilteacht; daoine fásta iontaofa; an cairdeas; deiseanna; agus líne tharrthála nuair a bheadh sin de dhíth.

Bítear ag brath go mór ar na seirbhísí óige ar fud na ranna rialtais, agus aithnítear an tábhacht atá leis an infheistíocht a dhéanamh go luath ar son na ndaoine óga. D'fhéadfaí a rá gur caiteachas coisctheach iad na costais a bhaineann leis, mar is féidir leo an gá le tuilleadh caiteachais amach anseo i réimsí eile a laghdú. Cuireann an obair óige leis an luach gheilleagrach agus shóisialta fríd a bheith ag cuidiú leis an choireacht a laghdú, an tsláinte a fheabhsú, an caidreamh pobail a chur chun cinn, agus an fhostaíocht a mhéadú, chomh maith le rannpháirteachas san oideachas a mhéadú. Mar sin féin, d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh leis an luach gheilleagrach agus na buntáistí a bhaineann leis na seirbhísí óige, a mheas ar bhonn cainníochtaí agus sin a chur in iúl.

Bíonn an infheistíocht a dhéanann an rialtas agus na heagrais eile déanta píosa ar phíosa agus seans gur dúbláil atá i gceist acu. Bíonn sé doiligh comparáidí díreacha a dhéanamh taobh leis na dlínsí eile de dheasca na samhlacha difriúla atá ann eatarthu don tsoláthar agus don chistiú. Cé go bhfuil cás láidir ann fá choinne tuilleadh infheistíochta airgeadais san obair óige, ós rud é go bhfuil brú ar an airgead phoiblí i dTuaisceart Éireann, níl an beartas seo dírithe go príomha ar an chostas breise – ach ar úsáid níos fearr na n-acmhainní atá ann cheana féin (daoine, foirgnimh, agus buiséid), ina measc sin, feidhm a bhaint as an *Children's Services Cooperation Act (Northern Ireland) 2015* leis an infheistíocht chomhroinnte a uasmhéadú de réir mar is iomchuí. Díríonn sé ar fheidhmeanna úra na saoráidí,

tosaíochtaí nua, agus tógáil ar an chomhtháthú ar fud an chórais, ina measc sin, fócas níos soiléire ar róil na bpríomheagras agus na bpríomhearnálacha atá i gceist.

**Sprioc shimplí atá ann:** is cóir go mbeidh rochtain ag páistí agus ag daoine óga ar seirbhísí óige atá seasmhach, leanúnach, ionchuimsitheach, agus leordhóthanach – seirbhísí a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanas agus a bheas bunaithe ar fhianaise.

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

## An Fhís

***Fáil a bheith ag achan duine óg ar sheirbhísí óige atá seasmhach, cóngarach, ionchuimsitheach – ina bhfuil an chothromaíocht idir an spraoi agus an fhoghlaim; atá inoiriúnaithe do riachtanais an duine féin; oibrithe iontaofa ann a dhéanann tuiscint na ndaoine óga ar an tsaol a leathnú agus spásanna sábháilte a chruthú ina gcluintear gach guth.***

(cumtha ag daoine óga)

## Sracfhéachaint ar chomhthéacs an bheartais

Cuireann an obair óige leis na torthaí oideachais (an tinreamh, na haistrithe, scileanna, agus an ghnóthachtáil, san áireamh), leis an fholláine mhothúchánach, an rannpháirteachas sibhialta, agus na tosaíochtaí tras-rialtais – ina measc sin, deireadh a chur leis an fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní.

Tá an beartas seo fréamhaithe sa *Children's Services Cooperation Act (Northern Ireland) 2015*, a bhaineann leofa siúd suas go 18 bliana d'aois, chomh maith lena bheith fréamhaithe sna dualgais reachtúla faoi Airteagal 37 in *The Education and Libraries (Northern Ireland) 1986* ("Ordú 1986"), le seirbhísí óige leordhóthanacha a chinntiú. Tá an beartas seo ag teacht leis an Chomhaontú Comhpháirtíochta a rinneadh leis an earnáil pobail agus dheonach in 2025.

Sa bheartas seo, leagtar amach treo straitéiseach úrnua do na seirbhísí óige reachtúla i dTuaisceart Éireann, agus Ordú 1986 mar bhonn fúithi sin. Is é is aidhm leis an bheartas seo a chinntiú go mbeidh fáil ag na páistí agus na daoine óga atá idir 4 agus 25 bliana d'aois ar sheirbhísí leordhóthanacha atá bunaithe ar fhianaise, is a thacóidh leofa lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus oideachasúil.

Tá an beartas bunaithe ar shé phríomhthéama a tháinig chun cinn as an athbhreithniú ar na Tosaíochtaí don Aos Óg.

## Téama 1: Na Seirbhísí

## An tábhacht a bhaineann leis seo

Caithfidh na seirbhísí a bheith ag teacht le fíorshaol an duine óig agus bunaithe ar fhianaise – agus chan bunaithe ar na rudaí a cheapann na daoine fásta atá de dhíth ar na daoine óga go díreach. Is oideachas neamhfhoirmiúil í an obair óige: tá sí deonach, bunaithe ar chaidrimh, agus spraíúil. Is cóir go dtiocfaidh sí le saol na scoile agus go gcuirfidh sí leis sin; níor cheart go mbeadh sí ina macasamhail den scoil[1].

[1] Nuair a dhéantar tagairt don scoil sa bheartas seo, tá gach suíomh oideachais – leithéidí OLDS – i gceist againn sa bhrí léi fosta.

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

## An Dúnghaois (.i. an seasamh oifigiúil)

Caithfidh na seirbhisí óige a bheith:

- ✅ Sábháilte
- ✅ Pleanáilte agus spriocdhírithe ar riachtanais sainaitheanta
- ✅ Deartha i gcomhar le daoine óga, agus bunaithe orthusan
- ✅ Neamhfhoirmiúil
- ✅ Comhlántach ó thaobh an oideachais fhoirmiúil de
- ✅ Ar ardchaighdeán agus tionchar acu
- ✅ Onnghníomhach agus dearfach
- ✅ Áitiúil, inrochtana, agus ionchuimsitheach – ina measc sin, in ann a ghabháil i ngleic leis na bacainní roimh an rannpháirteachas
- ✅ Éifeachtach, éifeachtúil, agus i gcomhréir leis an dlí agus an treoir ábhartha
- ✅ Curtha faoi athbhreithniú - déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) cigireacht ar na seirbhísí óige; agus cuirfear tacaíocht ar fáil roimh an chigireacht agus i ndiaidh na cigireachta fríd na bealaí is fóirsteanaí.

Is cóir go gcuirfear na seirbhísí óige in oiriúint ar riachtanais an duine óig féin .i. go mbeidh siad:

- ✅ Uilíoch (rochtain fhoscailte): cur chuige bunaithe ar an rochtain fhoscailte; ar fáil do chách; curtha ar fáil bunaithe ar riachtanais an pháiste agus an duine óig.
- ✅ Spriocdhírithe: cláir don obair óige atá bunaithe ar théamaí, ar an idirghabháil luath, agus ar an chosc luath, agus
a bheir aghaidh ar na bunchúiseanna a mbíonn tionchar acu ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga, leithéidi an ocrais, na bochtaineachta, na scoiteachta tuaithe, agus na riachtanas atá ag teacht chun cinn ó thaobh na sláinte mhothúchánaí agus na folláine de.
- ✅ **Feabhsaithe:** lena ghabháil i ngleic leis na géar-riachtanais agus le riachtanais ar leith an pháiste agus an duine óig féin fríd chuir chuige éifeachtacha idirdhisciplíneacha agus ildisciplíneacha leis an obair óige.

Is cóir na seirbhisí a idirdhealú de réir aoise:

- ✅ 4–8: seirbhísí óige uilíocha agus iad ina mbunchloch don teacht aniar agus don fhoghlaim i rith an tsaoil.
- ✅ 9–13: seirbhísí ina nglactar san áireamh an turas oideachais agus an teacht in inmhe mar dhéagóir.
- ✅ 14–18: seirbhísí ina nglactar san áireamh don turas fríd an oideachas, na rudaí atá de dhíth le post a fháil, agus an saol mar dhuine fásta.

- ✅ 19–25: obair óige ina ndéantar idirghabhálacha saincheaptha le cuidiú leis an ghabháil i ngleic le géar-riachtanais.

Is cóir go mbeidh na seirbhísí saor ó bhacainní atá roimh an rannpháirteachas.

Caithfidh na soláthraithe timpeallachtaí atá sábháilte, fáilteach agus ionchuimsitheach a chruthú, agus cloí leis na ceanglais maidir le cumhdach.

Déanfaidh an COO cigireacht ar an tsoláthar óige atá cistithe ag an RO. Cuirfear tacaíocht ar fáil roimh an chigireacht agus ina diaidh, fríd an bhealach is fóirsteanaí don ghrúpa faoi chigireacht leis an fheabhsú leanúnach a spreagadh.

## Na Torthaí atá Beartaithe

- ✅ Seirbhísí óige atá seasmhach, sábháilte, ionchuimsitheach, agus ar ardchaighdeán do na daoine óga, beag beann ar an áit ná ar a gcúlra.
- ✅ Seirbhísí atá deartha i gcomhar leis na daoine óga féin agus atá ag teacht go sonrach leis an taithí saoil s'acu.
- ✅ Obair óige a chuirfidh leis an oideachas fhoirmiúil, a fheabhsaíonn an rannpháirteachas, an tinreamh, agus na torthaí saoil i gcoitinne.
- ✅ Obair óige atá uilíoch, spriocdhírithe, agus feabhsaithe agus í curtha ar fáil ar bhonn seasmhach éifeachtach, agus sin léirithe i dtuarascálacha bliantúla agus i gcomhréir leis na ceanglais dlíthiúla ábhartha uilig.
- ✅ Tacaíocht chuimsitheach curtha ar fáil leis an chleachtas a fheabhsú, roimh na cigireachta agus ina diaidh sin fosta, agus sin léirithe go sonrach sna hathbhreithnithe bliantúla.

## Téama 2: Measúnú ar na riachtanais agus ar na torthaí, agus sin bunaithe ar fhianaise

## An tábhacht a bhaineann leis seo

Caithfidh na seirbhísí óige a bheith bunaithe ar fhíor-riachtanais an pháiste agus an duine óig, agus caithfear iad a oiriúnú amach anseo i dtaca leis na riachtanais siúd, i ndomhan atá iontach casta agus ag athrú de shíor. Agus buiséid theoranta againn, is gá measúnú soiléir agus rialta a dhéanamh ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar na daoine óga, na riachtanais a aithint, agus tosaíocht a thabhairt dóibh sin, ar mhaithe leis na seirbhísí a mhúnlú le difear dearfach a dhéanamh do na páistí agus do na daoine óga.

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

## An Dúnghaois (.i. an seasamh oifigiúil)

Is ceart go mbeidh na riachtanais:

- ☑ Follasach ó thaobh na fianaise de agus bunaithe ar thaighde agus ar thuigse láidir
- ☑ Measúnaithe ar bhealach foscailte trédhearcach
- ☑ Bunaithe ar struchtúir agus ar phróisis ina nglactar dearcadh na ndaoine óga, na soláthraithe seirbhíse agus na bpáirtithe leasmhara san áireamh
- ☑ In úsáid le heolas a dhéanamh do shocrú na mbuiséad agus, mar sin, a bheith deartha i gcomhthéacs an chistiúcháin atá ar fáil
- ☑ Bunaithe ar thosaíochtaí agus ar bheartais na Roinne
- ☑ Faofa ag an Roinn
- ☑ Tuairiscithe go rialta ó thaobh an dul chun cinn de – ar leibhéal straitéiseach seachas ar leibhéal mionsonraithe – leis an chaighdeán a ardú agus a fheabhsú leis na torthaí agus na buntáistí a léiriú, agus le hidirghabhálacha luatha a éascú i gcás nach bhfuil na buntáistí á mbaint amach. Caithfidh na ceanglais tuairiscithe ar na soláthraithe a bheith comhréireach, dírithe ar thorthaí, déanta ar dhóigh a seachnaíonn an ró-mhaorlathas.

## Na Torthaí atá Beartaithe

- ☑ An tsainaithint déanta ar riachtanais mheasúnaithe na bpáistí agus na ndaoine óga, agus aghaidh tugtha orthu sin, agus na torthaí bailithe agus tuairiscithe

- ☑ Ord tosaíochtaí na seirbhísí socraithe agus sin bunaithe ar na riachtanais a bhfuil fianaise ann dóibh, lena chinntiú go mbeidh na hacmhainní dírithe go héifeachtach
- ☑ An cumas curtha ar na daoine óga lena dtuairimí a chomhroinnt agus le tionchar a imirt ar an chinnteoireacht, mar a léirítear sna tuarascálacha *Youth Voice*
- ☑ An tionchar le feiceáil go soiléir, agus feabhsuithe intomhaiste ann sna torthaí do na daoine óga, a bheas féin mar bhonn fianaise láidir do chur ar fáil na hoibre óige fríd mheasúnuithe agus taighde

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

## Téama 3: An Lucht Saothair Óige

### An tábhacht a bhaineann leis seo

Déantar an obair óige a oibríochtú fríd chreat láidir idirnasctha ina gcuirtear san áireamh an curaclam don obair óige; na caighdeáin agus na cáilíochtaí gairmiúla náisiúnta lena sainítear na hinniúlachtaí agus na scileanna atá riachtanach fá choinne cleachtas éifeachtach.

Is í an ilchineálacht, i measc na n-oibrithe íoctha agus na n-oibrithe deonacha, an neart is mó atá ag an lucht saothar óige. Tá soláthar na hoibre óige uilíche ar fud Thuaisceart Éireann ag brath go bunúsach ar líonra d'oibrithe deonacha oilte (thart ar 94%) agus iad ina gcnámh droma don earnáil óige, rud a leathnaíonn fáil na seirbhísí óige sna pobail.

Tá infhaighteacht agus caighdeán an luchta saothair óige tábhachtach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus tá sin ina ghné ríthábhachtach a théann i bhfeidhm ar eispéireas agus ar thorthaí an duine óig. Tá sé ríthábhachtach barúlacha na foirne agus na n-oibrithe deonacha a thuigbheáil agus beart a dhéanamh de réir na riachtanas s'acu lena gcoinneáil, agus ba chóir na nithe seo a choinneáil lárnach sna cinntí agus sa phleanáil atá le déanamh le tacú leo.

### An Dúnghaois (.i. an seasamh oifigiúil)

Is cóir an lucht saothair óige, idir bhaill foirne agus oibrithe deonacha, a bheith:

- ✅ **Pleanáilte agus inbhuanaithe** - bíodh pleanáil ann don lucht saothair ina gcuirtear chun cinn: an earcaíocht, an choinneáil, an dul chun cinn, an cheannaireacht, agus an phleanáil chomharbais. Agus conairí á gcur ar fáil, is ceart a bheith cúramach gan bacainní neamhbheartaithe a chur roimh dhuine nua a theacht isteach nó roimh dhuine atá sa lucht saothair cheana féin. Is cóir aiseolas a bhailiú go rialta leis na pleananna a fheabhsú.
- ✅ **Ag fáil tacaíochta le forbairt a dhéanamh** - cé go n-aithnítear nach mbíonn cur chuige amháin i gcónaí fóirsteanach ar fud lucht saothair atá ilchineálach, is ceart go gcuirtear ar chumas na ndaoine sin, agus go dtacaítear leo, scileanna, taithí agus cáilíochtaí atá ábhartha do na róil atá acu fá láthair, agus dá n-acmhainneacht, a fhorbairt, le caighdeán agus seasmhacht an luchta saothair a chinntiú. Is ceart go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta daofa: an curaclam don obair óige (fríd mheán na Gaeilge fosta), neartú na scileanna a bhaineann leis an chumhdach agus na Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumais (RSOM). Is ceart fosta an phleanáil chomharbais don earnáil a bheith ann fríd an chreidiúnú i Leibhéil 1 - 6

san obair óige, chomh maith le tacaíocht d'fhorbairt na n-oibrithe deonacha.

- ✅ **Aitheanta agus urraim léirithe** - bíodh cur leis na láidreachtaí atá cheana féin ann, lena chinntiú go mbeidh lucht saothair ann atá muiníneach, oilte agus seasmhach, a bhfuil 'ráta athraithe foirne' íseal leo, agus lena chinntiú go mbeidh feabhsú sna torthaí do na páistí agus do na daoine óga.

## Na Torthaí atá Beartaithe

- ✅ Lucht saothair atá oilte, ilchineálach agus inbhuanaithe a bheith in áit ar fud réimsí uilig na hoibre óige.
- ✅ Sainaithint déanta agus aghaidh tugtha ar riachtanais mheasúnaithe an luchta saothair, agus na torthaí orthu sin bailithe agus tuairiscithe.
- ✅ Curaclam éifeachtach in áit le tacú leis na hoibrithe óige agus an tionchar atá aige tomhaiste.
- ✅ Aitheantas agus urraim tugtha don lucht saothair, ionas go raibh cobhsaíocht níos daingne agus torthaí níos fearr ann do na daoine óga.

# Téama 4: Cistiú agus saoráidí

## An tábhacht a bhaineann leis seo

Bíodh is go bhfuil cás láidir go fóill ann fá choinne tuilleadh infheistíochta san obair óige, ní thig linn neamhaird a dhéanamh de na srianta airgeadais atá ann fá láthair. Chomh maith leis an chás a dhéanamh ar son na hinfheistíochta nuair a thig na deiseanna chun cinn, is féidir linn an t-airgead, na foirgnimh agus na comhpháirtíochtaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla lena chinntiú gur féidir leis na pobail áitiúla tacú leis an obair óige agus í a fheabhsú.

## An Dúnghaois (.i. an seasamh oifigiúil)

I dtaca le hacmhainní de, is cóir:

- ✅ Moltaí agus fianaise a bheith curtha chun cinn ina leith – ina measc sin, fiosrú fán dóigh a bhféadfaí infheistíocht ar fud na ranna rialtais a úsáid ar bhealach níos fearr fríd na seirbhísí óige, ag baint úsáid an *Children's Services Cooperation Act (Northern Ireland) 2015.*
- ✅ Inmharthanacht a bheith leo – ina measc sin, bonn éagsúlaithe de chistiúcháin as foinsí ar fud an rialtais, ar mhaithe leis an bhuiséad

lárnach don obair óige a mhéadú; agus fríd chomhpháirtithe soláthair le cistiú sa bhreis a cheapadh.

- Iad a úsáid i gcomhréir leis an bheartas, an reachtaíocht agus maoirseacht na Roinne, agus an úsáid sin bunaithe ar an riachtanas aitheanta.
- Iad a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais mheasúnaithe na bpáistí agus na ndaoine óga.
- Iad a úsáid le gabháil i ngleic le bacainní roimh an rannpháirteachas.
- Measúnú a dhéanamh orthu go rialta.
- Iad a chomhroinnt - cuirtear san áireamh leis sin, comhroinnt níos forleithne a lorg ó thaobh úsáid na bhfoirgneamh de, amhail na scoileanna (Airteagal 128 in Ordú 1986), na hionaid óige, foirgnimh na gcomhairlí áitiúla, agus na sócmhainní pobail atá in úsáid i leith na seirbhísí óige.

## Na Torthaí atá Beartaithe

- Acmhainní a bheith in úsáid go héifeachtach le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga, agus sin léirithe sna tuarascálacha bliantúla.
- Fáil ag daoine óga ar shaoráidí atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus inrochtana, agus atá foscailte ag na hamanna cuí agus sna háiteanna cuí.
- Tairbhe faighte ar son na seirbhísí óige as foinsí cistiúcháin ar fud na n-earnálacha atá níos inmharthana níos éagsúlaithe.
- Méadú sa chomhoibriú agus laghdú sa dúbláil, leis an luach ar airgead is fearr a thabhairt.

# Téama 5: Na struchtúir agus an tacaíocht

## An tábhacht a bhaineann leis seo

Is gá na róil agus na freagrachtaí atá ag na bpáirtithe leasmhara uilig i soláthar na seirbhísí óige a bheith soiléir, lena chinntiú nach mbeidh dúbláil ná teannas ar bith ann, ná aon imeacht ón phríomhchuspóir, mar atá, tacú le riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga.

## An Dúnghaois (.i. an seasamh oifigiúil)

Seo a leanas na príomhróil:

# Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann

- **An Roinn Oideachais (RO)**: tá sé ar an roinn an sainordú beartais a leagan amach agus faomhfaidh sí na pleananna agus déanfaidh sí faireachán ar an chur i bhfeidhm agus ar an chur ar fáil.

- **An ÚO**: Tá dualgas reachtúil ar an ÚO an sainordú beartais a chomhlíonadh agus oibreoidh sé le struchtúir chomhairleacha éifeachtacha – le páistí agus daoine óga fosta – lena chinntiú go mbeidh na cinntí, na pleananna straitéiseacha, agus an dóigh a n-úsáidtear an cistiú, trédhearcach agus bunaithe ar eolas ón earnáil agus ar an fhianaise. Gníomhóidh an ÚO mar chumasóir agus mar mhaor ar na seirbhísí óige agus cinnteoidh sé soláthar leordhóthanach ionchuimsitheach i gcomhréir le reachtaíochtaí, beartais agus tosaíochtaí an oideachais. Déanfaidh an ÚO iarracht an cumas sna pobail áitiúla a mhéadú leis na seirbhísí óige a chur ar fáil, agus le céim siar a ghlacadh nuair a bheidh an t-am ceart ann dó sin. Idir an dá linn, líonfaidh an ÚO na bearnaí criticiúla sna cásanna sin nach bhfuil an acmhainn ann i measc na hEarnála Pobail agus Deonaí (EPD).

- **An EPD**[2]: Beidh na seirbhísí óige atá faoi stiúir an phobail ag obair i gcomhpháirt leis an ÚO le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga a shainaithnítear fríd phróiseas an ÚO leis na riachtanais a mheasúnú, agus beidh siad ag tarraingt ar thacaíocht ón ÚO leis an acmhainn a thógáil agus an soláthar a leathnú sna pobail áitiúla. Meastar go méadófar an acmhainn san EPD le himeacht ama mar chuid d'aistriú bainistithe.

- Cuirfear tacaíocht ar fáil do na suíomhanna óige fríd na bealaí cuí leis an fheabhas leanúnach a spreagadh, leithéidí an ÚO nó na gcomhpháirtithe tacaíochta réigiúnacha. Ní athbhunófar **Comhairle na nÓg do Thuaisceart Éireann (CÓTÉ)**; aisghairfear *The Youth Service (Northern Ireland) Order 1989*.

## Na Torthaí atá Beartaithe

- An córas i bhfeidhm mar shamhail sholáthair atá comhtháite comhordaithe, agus é dírithe ar thorthaí do na daoine óga.
- Na struchtúir rialachais agus tacaíochta ag cumasú na cinnteoireachta éifeachtaí, chomh maith le feabhsú leanúnach ar an chóras.

---

[2] Sa bheartas seo, is sa chiall is leithne den téarma atá na tagairtí seo don EPD .i. san áireamh leis, tá: na heagrais phobail, na heagrais faoi éide, na heagrais chreidimh, agus eagrais eile neamhrialtasacha atá bainteach le soláthar na hoibre óige.

- Forbairt na gcomhpháirtíochtaí éifeachtacha leis an EPD le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga.
- Aghaidh tugtha ar an acmhainn leis an obair óige a sholáthar taobh istigh den EPD le torthaí na hoibre óige a fheabhsú do na páistí agus na daoine óga.

## Téama 6: Comhpháirtíochtaí

### An tábhacht a bhaineann leis seo

- Na daoine óga - fríd deiseanna a chur ar fáil le bheith rannpháirteach i ndearadh agus i monatóiriú na seirbhísí óige.
- Na scoileanna agus na pobail - san áireamh leo siúd, na hoibrithe óige i scoileanna, úsáid chomhroinnte na bhfoirgneamh, agus cur chun cinn na seirbhísí óige ar bhonn gníomhach i measc na ndaltaí.
- Na comhpháirtithe soláthair - oibreoidh earnáil na hoibre óige lena chéile agus le daoine eile leis an dea-chleachtas chomhroinnte agus an úsáid is fearr as an chistiú a chinntiú, ar mhaithe leis na torthaí is fearr a sholáthar do na páistí agus na daoine óga de réir mar is iomchuí.
- An rialtas láir agus áitiúil - ceangail idir na seirbhísí agus an cistiú poiblí sin a bhaineann leis an obair óige, nuair is bealach úsáideach é sin le tacú leis na torthaí a bhaint amach, agus san áireamh leis sin an dóigh a dtacaítear leis faoin *Children's Services Cooperation Act (Northern Ireland) 2015*. Cloífear leis an Chomhaontú Comhpháirtíochta atá idir an Rialtas agus an Earnáil Pobail agus Dheonach (2025).

### Na Torthaí atá Beartaithe

- Comhpháirtíochtaí éifeachtacha le gníomhaireachtaí reachtúla agus le comhlachtaí rialtais eile a bheith leabaithe i gcleachtas na hoibre óige, agus tacaíocht chomhcheangailte á cur ar fáil do na daoine óga.
- Comhoibriú trasna na n-earnálacha le torthaí comhroinnte a bhaint amach agus an tionchar comhchoiteann a uasmhéadú.
- Comhroinnt éifeachtach na n-acmhainní, an eolais agus an tsaineolais, le freastal agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú.

### An cur i bhfeidhm agus athbhreithniú

Beidh an ÚO i gceannas ar chur i bhfeidhm an bheartais, agus beidh maoirseacht á déanamh ag an Roinn Oideachais. Meastar go ndéanfar é seo mar chuid d'aistriú

céimnithe, ar leas na ndaoine óga, agus an rannpháirtíocht chomhchoiteann ann leis na comhpháirtithe san earnáil óige. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bheartas in éineacht leis na daoine óga, agus leis na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara in earnáil na hoibre óige.